

# Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí  
as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige  
Twitter: @PleanTeangaCF  
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

10 MEITHEAMH 2021



## DEIS OIBRE LE GAILLIMH LE GAEILGE

Tá Comhordaitheoir Pleanála Teanga á lorg ag Gaillimh le Gaeilge. Beidh an duine a fhostófar ag obair le foireann Ghaillimh le Gaeilge, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le páirtithe leasmhara eile chun plean teanga don chathair a chur i bhfeidhm. Caithfidh tuiscint agus taithí mhaith a bheith ag iarratasóirí ar a bheith ag plé le hearnálacha éagsúla/pobail ilchultúrtha, agus ar phlé le coistí/struchtúr phobail/ranna stáit. Seol iarratas mar aon le CV chuig [brid@gleg.ie](mailto:brid@gleg.ie) roimh an Luan 28 Meitheamh 2021 le cur isteach ar an bpost. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag [www.gleg.ie](http://www.gleg.ie) nó ar a gcuntas Facebook: Gaillimh le Gaeilge



## CUMANN GARRAÍODÓIREACHTA

Tá cumann garraíodóireachta á bhunú ag Glór na nGael. Beidh an cumann dírithe ar ghasúir agus ar theaghlaigh. Beidh réimse leathan gníomhaíochtaí á reáchtáil ag an gcumann. Is féidir clárú ar fhoirm Google atá ar fáil ar chuntas FB: Glór na nGael. Moltar clárú go luath de bharr go bhfuil líon na spásanna teoranta.




## SCÉIM TAITHÍ OIBRE LE TG4

Tá tréimhse bliana de thaithí oibre á thairiscint ag TG4 do dhaoine ag tosú in earnáil na meán nó do chéimithe ollscoile. Cuirfear tús leis an tréimhse i bhFómhar 2021. Daoine a bhfuil Gaeilge den scoth acu agus a bhfuil suim acu sna hardáin shóisialta atá á lorg acu. Beifear ag súil go mbeidh scileanna taighde agus cumas maith scríofa ag an té a cheapfar chomh maith le tuiscint ar céard is scéal mealltach ann. Tá daoine á lorg sna réimsí seo a leanas: comhordaitheoir meán shóisialta le Cúla4, Bloc, Molscéal, SpórtTG4 agus CeolTG4. Íocfar tuarastal agus beidh deiseanna oiliúna breise ar fáil freisin. Iarrfar ar iarratasóirí CV agus iarratas a léiríonn do réimsí spéise a sheoladh chuig [cv@tg4.ie](mailto:cv@tg4.ie) Glacfar le hiarratais suas go dtí an Aoine 25 Meitheamh. Cianobair mar aon le bheith i láthair i gCeannáras TG4 i mBaile na hAbhann ó am go chéile atá i gceist.

## SEIMINEÁR MARGAÍOCHTA DIGITEACH

Tá seimineár dírithe ar fhíseáin mhargaíochta do thurasóireacht ar na meáin shóisialta á reáchtáil ag Udarás na Gaeltachta ar an Máirt 22 Meitheamh ó 9:30r.n.-12:30i.n. Wayne Denner - saineolaí digiteach a bheas ina aoichainteoir. Is féidir ticéad a chur in áirithe ag [www.eventbrite.ie](http://www.eventbrite.ie) Níl costas i gceist.



## SRAITH TUISMITHEOIREACHTA NUA AR RTÉ

Tá sraith nua tuismitheoireachta á reáchtáil ag RTÉ. Tabharfar comhairle faoi na deacrachtaí beaga agus móra a bhaineann le bheith ag tógáil clainne sa gclár. Pléifear an bealach is fearr le ham scáileáin a bhainistiú, eolas agus nodanna ar dhea-chleachtas beatha do pháiste, chomh maith le dea-chleachtas maidir le páistí agus imní na paidéime. Is iomaí ceist thábhachtach eile a chlúdófar sa tsraith nua seo. Beidh saineolaithe ar fáil leis na ceisteanna seo a fhreagairt agus le tacaíocht agus cúnaimh a chur ar fáil do thuismitheoirí. Má tá spéis agat páirt a ghlacadh sa tsraith nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le Jane in Tyrone Productions ag [jfarley@tyrone-productions.ie](mailto:jfarley@tyrone-productions.ie) Is i nGaeilge a bheidh an clár.



## LÁITHREOIR TEILIFÍSE

Ar mhaith leat a bheith i do láithreoir teilifíse? Tá Danú Media sa tóir ar láithreoir teilifíse nua do thionscadal atá á fhorbairt faoi láthair. Seol spól taispeána chomh maith le nóta cumhdaigh chuig [eibhlin@danu-media.com](mailto:eibhlin@danu-media.com) le cur isteach ar an bpost. Go n-éirí libh, a chairde!



## COMHORDNÓIR NUA AG CLÁR CHUISLE

Comhghairdeachas le Beartla Ó Flatharta a ceapadh mar Chomhordnóir ar Chlár Chuisle de chuid Ealaín na Gaeltachta le gairid. Beidh Beartla i mbun comhordú ar an gclár sna healaíona traidisiúnta don óige fud fad na Gaeltachta. Guíonn muid gach rath ar Bheartla ina phost nua.



## LEABHAR NA BLIANA 2021

Fógraíodh le gairid go bhfuil próiseas iontrála na nGradam Foilsitheoireachta do Leabhair Ghaeilge na Bliana 2021 ar oscailt anois. Beidh trí ghradam á mbronnadh: Gradam Réics Carlós i leabhar na bliana don léitheoir óg, Gradam Uí Shúilleabháin, sin leabhar na bliana don léitheoir fásta, agus Gradam de Bhaldraithe, leabhar Gaeilge na Bliana aistriithe ó theanga eile. Foilseofar an trí ghearrliosta i mí Lúnasa agus fógrófar buaiteoirí na ngradam i mí Dheireadh Fómhair. Is é Déardaoin 8 Iúil 2021, an spriocdháta iontrála. Is féidir iontráil a dhéanamh ar líne ag [www.antoireachtas.ie](http://www.antoireachtas.ie).

## GAECHARA CHOIS FHARRAIGE

Tá an scéim Gaelchara á reáchtáil ag Fóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minice sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an bhfoghlaimeoir agus ar an meantóir. Le páirt a ghlacadh nó le breis eolais a fháil faoin scéim, déan teagmháil le [optchois fharráige@gmail.com](mailto:optchoisfharráige@gmail.com) Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bígí i dteagmháil linn!!



## SEO Í AN GHAELTACHT

Ba mhaith le hOifig Pleanála Teanga na tíre cloisteáil uaibh! Bain úsáid as an haischlib #SeoÍAnGhaeltacht le grianghraf/físeán/amhrán/dán ar na meáin shóisialta le rá linn céard is brí leis an nGaeltacht duitse, nó céard é an rud is fearr leat faoin nGaeltacht. Beidh málaí féiríní á mbronnadh ar na hiontrálaithe is fearr agus tá mórdhuais de €1000 don úsáid is fearr den haischlib le linn na seachtaine 9-16 Meitheamh. Ná déan dearmad clibeáil a dhéanamh orainn nó teagmháil a dhéanamh linn ag [optchoisfharráige@gmail.com](mailto:optchoisfharráige@gmail.com)



## GO N-ÉIRÍ LE RANG NA HARDTEISTE



Guíonn muid chuile rath ar lucht na hArdteiste an tseachtain seo agus tús curtha leis na scrúduithe. Níl aon amhras ach gur bliain eisceachtúil, neamhchoitianta agus dúshlánach a bhí inti agus go bhfuil an-iarracht déanta ag scoláirí na hArdteiste le tamall anuas. Go n-éirí go geal leis an séú bliain i gColáiste Chroí Mhuire agus i gColáiste Cholmcille go háirithe.

Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá scéilín, nuaíocht nó fógra ar mhaith libh a scaipeadh linn i Scéal, Scéal, Scéal...is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag [optchoisfharráige@gmail.com](mailto:optchoisfharráige@gmail.com)

## CRUINIÚ NA NÓG

Le Cruinniú na nÓg a cheiliúradh ar an 12 Meitheamh i mbliana, tá Tóraíocht Taisce á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. Tá bileoga spraoi deartha ag

Tuismitheoirí na Gaeltachta agus iad ar fáil sna trí mhór chanúint ag [www.tuismitheoiri.ie](http://www.tuismitheoiri.ie). Níl le déanamh ach dul amach ag spaisteoireacht leis an teaghlach agus a bheith ag faire ar an dúlra! Roinnigí bhur gcuid pictiúir agus bainigí úsáid as na haischlib #TóraíochtTaisce, #CruinniúnaÓg agus #SeoÍAnGhaeltacht



Tuismitheoirí na Gaeltachta

